www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2011**

# Staidéir Ghnó

Aonad Measúnaithe A2 2

*ag measúnú*

An Timpeallacht Athraitheach Ghnó

**[AT221]**

AT221

**DÉ MÁIRT 24 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair an **t-ao**n cheist **amháin**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa ar fud an pháipéir.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am atá ar fáil don scrúdú a roinnt de réir na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

www.xtrapapers.com

Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair an cheist a leanann.

## Wrights Tta.

**Foinse 1: Wrights Tta.**

Is soláthraí sicíní é Wrights Tta., gnólacht teaghlaigh meánmhéide atá lonnaithe i Machaire Fíolta i dTuaisceart Éireann. Ba in 1999 a bunaíodh an comhlacht a bhfuil sicíní úra agus sicíní próiseáilte á soláthar aige le haghaidh miondíoltóirí áitiúla agus miondíoltóirí náisiúnta. Le tamall anuas, áfach, bíonn ar an ghnólacht dul in iomaíocht ghéar le soláthraithe níos mó ná é féin san earnáil. Tá idir dhíolacháin agus bhrabús an ghnólachta ag laghdú de réir a chéile mar atá léirithe in **Tábla 1** anseo thíos, agus ba mar gheall air seo a d'iarr baill an bhoird go n-athródh an comhlacht an straitéis aige.

**Tábla 1: Faisnéis i dtaca le Wrights Tta. de**

| | **2008** | **2009** | **2010** |
|---|---|---|---|
| Díolacháin | £3.1 milliún | £2.3 milliún | £1.3 milliún |
| Brabús Glan | £1.3 milliún | £0.7 milliún | £0.5 milliún |
| ROCE | 2.1% | 1.5% | 1.1% |
| Cóimheas Reatha | 1.9:1 | 1.4:1 | 1.1:1 |
| An líon fostaithe | 250 | 225 | 200 |

www.xtrapapers.com

**Foinse 2: Tionscal bia agus dí Thuaisceart Éireann**

In ainneoin an chúlaithe eacnamaíochta, tá an tionscal bia agus dí i dTuaisceart Éireann chomh láidir céanna is a bhí riamh. Cionn is go bhfuil 20 000 duine fostaithe sna monarchana próiseála agus go bhfuil 40 000 duine eile páirteach san fheirmeoireacht, ní beag an cuidiú a thugann sé do gheilleagar Thuaisceart Éireann.

Maidir leis an earnáil seo sa RA, is i dTuaisceart Éireann chomh maith atá cuid de na comhlachtaí is mó agus is rathúla lonnaithe. Is é £650 milliún an láimhdeachas atá ag Moy Park in Craigavon, tá láimhdeachas £500 milliún ag Dunbia i nDún Geanainn agus is é £250 milliún an láimhdeachas atá ag an Foyle Food Group i nDoire. Tá Dale Farm ar cheann do na príomhghníomhaithe in earnáil na déiríochta agus tá cáis agus táirgí eile ar díol in 45 tír aige.

Cuireann Tuaisceart Éireann 10% dá tháirgí mairteola agus 30% dá tháirgí uaineola chuig na miondíoltóirí agus na heagraíochtaí seirbhís bia is tábhachtaí san Eoraip. In 2009, ba san earnáil Bianna, Deochanna agus Tobac a bhí an fás ba shuntasaí ar onnmhairí, agus chuir sé seo £130 milliún breise (14.4%) le honnmhairí. Is taobh amuigh de Thuaisceart Éireann a dhíoltar beagnach dhá thrian de tháirgeacht na hearnála seo. Na gnólachtaí sin atá tiomanta don easpórtáil, léiríonn na staitisticí seo cad é mar a chuideodh siad le geilleagar Thuaisceart Éireann a thabhairt amach as an chúlú eacnamaíochta.

Tá an easportáil ag dul chun tairbhe do ghnólachtaí beaga chomh maith. Tá Kestrel Foods in Craigavon, Fivemiletown Creamery i gContae Thír Eoghain agus Whites i dTóin ré Gaoith ag cur i gcónaí le gnó na margaí nideoige atá acu sna SA agus i Hong Cong.

**Foinse 3: Forbairtí Moy Park**

Tá Moy Park ar an chomhlacht próiseála bia is mó i dTuaisceart Éireann agus tá sé ar cheann de na comhlachtaí éanlaith chlóis is tábhachtaí san Eoraip. Ó bhí 2008 ann, tá sé i ndiaidh an gnólacht a atheagrú ó bhun go barr, agus thosaigh sé, ar na mallaibh, ar chlár infheistíochta móire a chur i bhfeidhm lena acmhainn a mhéadú, leis an teicneolaíocht a uasghrádú agus leis na háiseanna a fheabhsú. Tá rún acu infheistíocht shuntasach eile a dhéanamh sa mhonarcha, i dteicneolaíocht agus i ndaoine.

Mar cheann de na comhlachtaí is mó san Eoraip a shaothraíonn éanlaith chlóis orgánach saor raoin atá á gcothú ar arbhar, tá Moy Park i ndiaidh infheistíocht mhór a dhéanamh leis na caighdeáin leasa feirmeoireachta a fheabhsú. Is ball é de chuibhreannas Rose Energy a bhfuil mar aidhm acu monarcha chumhachta a thógáil i gContae Aontroma, monarcha a bheidh á breoslú le haoileach cearc, cé go bhfuil grúpaí pobail in éadan an togra.

*Adapted from: É Belfast Telegraph, Top 100 companies, Moy Park, 16 April 2010*

www.xtrapapers.com

**Foinse 4: Díolachán Moy Park**

**Díolachán £450m ar an "rud is fearr" do Moy Park**

In 2008 chuaigh Moy Park, an próiseálaí bia is mó in Uladh, le Marfig atá ar cheann de na grúpaí mairteola agus éanlaith chlóis is mó ar domhan. Lonnaithe sa Bhrasaíl, tá 92 monarcha in 13 thír ag Marfrig agus tá éarraí á n-onnmhairiú chuig breis agus 110 tír aige.

Ag labhairt dó ar an mhargadh, dúirt Gareth Jones, urlabhraí chomhlacht Moy Park, nach raibh áit ar bith sa mhargadh anois le haghaidh comhlacht meánmhéide. "Tá dhá rogha agat, a bheith i do chomhlacht iontach beag ach rud speisialta a bheith ar bun agat, nó a bheith i do chomhlacht a bhfuil méid mór aige," arsa sé. "Sa lá atá inniu ann, is é an talamh láir an áit is measa i dtaca le héanlaith chlóis de – agus i bhfírinne, i dtaca leis an chuid is mó de bhia-ábhar de. Ní fiú duit a bheith i do chomhlacht meánmhéide mar ní féidir leat dul san iomaíocht."

Bunaíodh Moy Park in 1943, tá 3500 fostaí ann i suíomh Craigavon, agus tá sé anois ar cheann de na próiseálaithe sicín is mó in Éirinn. Chomh maith leis seo, tá monarchana breise sa Bhreatain Mhór, sa Fhrainc agus san Ísiltír aige, a bhfuil 8700 duine san iomlán fostaithe iontu.

Mar a mhínigh an tUasal Jones, áfach, is rud eile ar fad é scála Marfrig. "Is dócha gurb é an dream seo an ceathrú próiseálaí mairteola is mó ar domhan. Is próiseálaí mór uaineola agus muiceola iad chomh maith agus, ba í éanlaith chlóis, mar sin, an chéad chéim loighiciúil eile a bhí le tabhairt acu.

Tá Moy Park ar leibhéal eile anois i dtaca lenár n-iomaitheoirí de. Ba mar gheall ar an méid agus ar an eolas áitiúil againn a cheannaigh Marfrig muid. Agus maidir linn féin, tá gach seans ann gur cumasc den scoth agus margadh ar dóigh a bheidh anseo dúinn, agus is mothú deas dúinn féin agus dár bhfostaithe é."

*É The News Letter. Text adapted from article, "Ã450m sale ôbest thingôfor Moy Park". 27 June 2008*

**Foinse 5: Saincheisteanna an Aontais Eorpaigh**

Fud fad an Aontais Eorpaigh (AE) tá iompórtáil, díolachán agus margaíocht fhormhór mór na dtáirgí bia á rialú ag caighdeáin mhargaíochta an Choimisiúin Eorpaigh (CE). Cuirtear na caighdeáin seo i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh na táirgí slán, glan, lipéadaithe mar is ceart agus ar chaighdeán atá indíolta agus – i gcás tráchtearraí ar leith – go mbainfidh siad aicme cáilíochta amach. I dTuaisceart Éireann, tá na caighdeáin seo á mbainistiú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe.

Fuair gnólachtaí áirithe amach, áfach, gur féidir go gcuirfidh na rialúcháin seo srian leo.

Na gnólachtaí sin sa RA a mbíonn earraí á n-onnmhairiú chuig an AE acu, chuaigh sé chun tairbhe dóibh nuair a díchuireadh na bacainní trádála taobh istigh den mhargadh Eorpach aonair. Tá baol eile i ndán dóibh, áfach, i dtaca le ráta malairte de, sé sin má bhíonn siad ag trádáil taobh amuigh de limistéar an euro.

*Adapted from: É NI Business Info ï Trading in fruit, vegetables and plant products*

www.xtrapapers.com

**Foinse 6: "Pas chun Easpórtála"**

Is é "Pas chun Easpórtála" an t-ainm atá ar an réimse seirbhísí agus clár de chuid Infheistíocht Thuaisceart Éireann (InvestNI) arna gcruthú le cuidiú le gnólachtaí dul isteach i margaí an domhain. Cruthaíodh na cláir seo le go mbeadh rath ar chomhlachtaí a bhfuil baint acu le cúrsaí easpórtála, agus tá sé seo thar a bheith tábhachtach maidir le fás fadtéarmach gnólachtaí áitiúla agus le geilleagar Thuaisceart Éireann.

***Cúig réimse le tacú le cúrsaí easpórtála:***

Is i gcúig réimse dhifriúla a cuireadh na cláir agus na seirbhísí le chéile.
- Scileanna agus eolas easpórtála a thógáil
- Taighde a dhéanamh ar mhargaí
- Misin trádála a chur ar bun le margaí easpórtála a thriail
- Tacaíocht Inmhargaidh
- Clár socrúcháin céimithe.

*Adapted from © Invest Northern Ireland – Developing New Markets*

**Foinse 7: Fadhbanna trádála idirnáisiúnta in Iarthar na hAfraice**

In aois seo na speisialtóireachta, tá tíortha in Iarthar na hAfraice ag bráth ar thíortha eile le haghaidh earraí atá de dhíth orthu, earraí nach féidir leo féin a tháirgeadh, nó le tráchtearraí a cheannach lena dtáirgeacht náisiúnta féin a fhorlíonadh. Déanann an Nigéir, mar shampla, earraí amhail innealra, feithiclí, longa, eitleáin, amhábhair agus go leor leor eile a allmhairiú ó thíortha eile. San am céanna, déanann sí tráchtearraí amhail amhola, torthaí pailme, cócó, piseanna talún, seithe agus craicinn agus cadás a onnmhairiú.

Tá fadhbanna eile ann, áfach, a chaithfear a chur san áireamh nuair a dhéantar trádáil le tíortha nach bhfuil san AE, tíortha mar Iarthar na hAfraice, an India agus an tSín.

*Adapted from: © bizcovering.com - Problems encountered from International Trade in West Africa, 4 February 2008*

www.xtrapapers.com

**Foinse 8: Cúlra na Tuairisce**

Tá ceann de na hiomaitheoirí is mó atá ag Wrights Tta. i ndiaidh dul i dteagmháil leis an chomhlacht agus síleann baill áirthe an bhoird go bhfuil seans ann go bhféadfaí an comhlacht a dhíol. Tá baill eile an bhoird glan in éadan na tuairime seo agus síleann siadsan go bhféadfaí an comhlacht a dhaingiú ach a fháil amach an bhféadfaí a chuid earraí a onnmhairiú. Cuireadh an tuairim chun tosaigh gur chóir Iarthar na hAfraice a chur san áireamh i dtaca le cúrsaí easpórtála de, mar tá taighde mhargaidh i ndiaidh a léiriú gur féidir go bhfuil fás suntasach i ndán don réigiún seo. Lena chois sin, ó tharla nach bhfuil na rialúcháin i dtaca le heaspórtáil bia de chomh docht céanna in Iarthar na hAfraice is atá siad san Eoraip, creideann stiúrthóirí áirithe gur chóir é seo a shaothrú. Creideann na baill boird seo go mbeadh brabús is mó ag an chomhlacht chomh maith agus go sábhálfaí poist áitiúla. Tá buarthaí ann, áfach, maidir le rátaí malairte a bheith ag athrú, le cúrsaí eiticiúla, le méid an ghnólachta agus le fadhbanna trádála idirnáisiúnta, agus fágann siad seo nach bhfuil an rogha seo saor ó bhaol. Creideann baill eile go mbeadh sé níos ciallmhaire earraí a onnmhairiú taobh istigh den Eoraip.

**Ceist 1**

Is comhairleoir thú atá ag obair le Wrights Tta. Tá ort tuairisc fhoirmiúil dar teideal "A bhfuil i ndán do Wrights Tta." a ullmhú.

Is í aidhm na tuairisce na fadhbanna atá ag Wrights Tta. i láthair na huaire a iniúchadh agus anailísiú agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna a bhaineann leis an ghnólacht a dhíol nó leis an chomhlacht a fhorbairt trí straitéis easpórtála a chur i bhfeidhm.

Ba chóir go mbeadh formáid chuí ar an tuairisc agus ba chóir go mbeadh moltaí inti le haghaidh stiúrthóirí bhoird Wrights Tta.

(**Is féidir** go mbeidh sé ina chuidiú agat **cuid** de na réimsí seo a leanas a chur san áireamh sa tuairisc: fadhbanna trádála idirnáisiúnta, treocht an domhandaithe, cúrsaí eiticiúla, éifeacht ar íomhá chorparáideach, rátaí malairte, ballraíocht an AE, barainneachtaí scála, athrú a bhainistiú go héifeachtúil, cuspóir an rialtais le honnmhairí a mhéadú, gnóthaí ilnáisiúnta, táthcheangail/cumaisc.)

[80]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.